Múirín a dhéanamh

Coincheap—Is modh é múirín a dhéanamh chun laghdú ar dhramhaíl



NASC LEIS AN gCURACLAM:

Curaclam Tíreolaíochta agus Eolaíochta – Feasacht Cúram Imshaoil

Turgnamh

Beidh gá agat le:

- Gairdín
- Croí úill
- Píosa de nuachtán agus é brúite
- Mála plaistigh agus é brúite
- Sluasaid

1. Déan trí pholl a thóch timpeall 30cm ar doimhneacht.
2. Cuir ábhar amháin (croí úill, nuachtán nó mála plaisteach) i ngach ceann de na poill agus clúdaigh iad le hithir.
3. Cuir comhartha i ngach áit ina bhfuil na hábhair curtha i dtreo is go bhféadfaidh tú iad a aimsiú i gceann coicíse.
4. Tar éis coicíse oscail gach poll (ach ná tóg na hábhair amach) chun féachaint chomh lofa is atá siad.
5. Glac grianghraif nó tarraing pictiúir den staid ina bhfuil siad anois agus cuir lofacht na n-ábhar i gcomparáid lena chéile.
6. Clúdaigh na trí ábhar arís le hithir agus fág iad coicís eile.
7. Déan céim a 4 is a 5 athuair.

Is slí iontach é múirín a dhéanamh chun laghdú ar an méid dramhaíola a théann go dtí an láithreán fuílligh. Is slí leis é chun fuinneamh bunaigh na gréine a athúsáid. Conas? Soláthraíonn an ghrian fuinneamh chun go bhfásfadh crann úll, agus úsáideann an crann cothaithigh agus uisce ón ithir chun úlla a thairgeadh. Trí mhúirín a dhéanamh de chroí úill, is féidir le planda eile an chuid chothaitheach de a úsáid chun fáis.

Is ábhair mhaithe chun múirín a dhéanamh iad nuachtáin, féar bainte agus aon phíosa de thoradh nó de ghlasra. Ní lobhann málaí plaisteacha.